Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2026/43

15.1.2026

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 218/2025

## an 19 Meán Fómhair 2025

## lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2026/43]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1130 ón gCoimisiún an 18 Márta 2025 lena gceartaítear an leagan Ollainnise de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 66zbb (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

'— **32025 R 1130**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1130 ón gCoimisiún an 18 Márta 2025 (IO L, 2025/1130, 4.6.2025).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1130 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 20 Meán Fómhair 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Meán Fómhair 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*
*An tUachtarán*
Stefán Haukur JÓHANNESSON

([1]) IO L 2025/1130, 4.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1130/oj.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.